

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

FÓMHAR 2019

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Árainn Mhór

Bhí Moya an-tuirseach tar éis a post samhraidh sa siopa rothar a chríochnú. Bhí sí ag súil go mór le dul ar saoire go hÁrainn Mhór ar feadh seachtaine. Bhí ticéad fillte ar an mbád farantóireachta curtha in áirithe aici agus lóistín ar an oileán. Thug Mánas, úinéir an tsiopa rothar, síob di go dtí Ailt an Chorráin chun an bád a fháil agus nuair a bhí sé ag fágáil slán léi thug sé nóta caoga Euro di mar bhronntanas.

Bhailigh Moya a ticéad ón mboth ag barr na céibhe. Bhí an bád le hais na céibhe cheana féin. Thaispeáin Moya a ticéad agus chuaigh sí bord. Shocraigh sí gan dul isteach faoin díon ach fanacht amuigh faoin aer. Bhí aer úr na farraige ag teastáil uathí. Níorbh fhada gur scaoileadh an rópa agus go raibh Moya ar a bealach go hÁrainn Mhór.

Canúint Chonnacht

An Siopa Éisc

Bhí Peadar an-sásta lena thrálaer nua, leis an gcriú a bhí aige, leis na hóstáin a bhí ag ceannach a chuid éisc agus leis na custaiméirí a bhí ag teacht chuig a shiopa éisc, *Iasc Úr*. Bhí Bainisteoir an Bhainc an-sásta freisin mar bhí Peadar in ann an t-airgead a bhí aige ar iasacht ón mbanc a íoc ar ais ag deireadh gach míosa.

Dúirt Peadar lena chailín Cáit go raibh sé an-bhuíoch di as an obair a bhí á déanamh aici sa siopa éisc. Deireadh seachtaine amháin nuair a bhí an aimsir rógharbh le dul amach ag iascaireacht, thug sé go Baile Átha Cliath í don deireadh seachtaine chun féachaint ar Ghailimh ag imirt in aghaidh Bhaile Átha Cliath i bPáirc an Chrócaigh, cé nach raibh spéis aici sa pheil. Ar an Satharn thug sé amach go Binn Éadair í le féachaint ar thrálaer ollmhór. An oíche sin thóg sé amach í le

haghaidh béile deas agus ansin d'inis sí dó. Ní raibh sise sásta. Níor leor deireadh seachtaine i mBaile Átha Cliath, féachaint ar thrálaer éigin in áit éigin agus béile deas i mbialann. Theastaigh pá seachtainiúil uathí cosúil le gach duine eile. Bhí ionadh ar Pheadar.

Canúint na Mumhan

Samhradh i mBoston

Nuair a thuirling an t-eitleán ag Aerfort Logan i mBoston bhí Muiris beagáinín neirbhíseach. Ní raibh sé i Meiriceá riamh cheana. Nuair a shiúil sé tríd an ngeata san aerfort bhí Seán Ó Máille, Rúnaí Ghaeil Chonamara i mBoston ag fanacht leis. Bhí a fhios ag Muiris gurbh é Seán a bhí ann mar bhí a ainm scríofa aige i litreacha móra dubha ar pháosa cairtchláir a bhí in airde aige.

“Fáilte romhat go Boston, a Mhuiris!” a dúirt sé. “An bhfuil do bhróga peile agat?” agus é ag gáire. “Ó! Tá!” arsa Muiris. “Íontach!” arsa an Máilleach. “Tá cluiche againn um thráthnóna. Rachaimid díreach ar aghaidh chuig an bpáirc. Beidh tú ag imirt i lár na páirce. Tabharfaidh mé go dtí do lóistín thú tar éis an chluiche.” “Go breá!” arsa Muiris. “Go breá!”

FÓMHAR 2019

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Árainn Mhór

1. Cé a bhí an-tuirseach tar éis a post samhraidh a chríochnú?
2. Cá raibh Moya ag dul ar feadh seachtaine?
3. Céard a bhí curtha in áirithe ag Moya?
4. Ceard a thug Máнас do Mhoya mar bhronntanas?
5. Cén áit ar bhailigh Moya a ticéad?

Canúint Chonnacht

An Siopa Éisc

1. Cé a bhí sásta lena thrálaer nua?
2. Céard a bhí á dhéanamh ag na hóstáin?
3. Cén t-ainm a bhí ar shiopa éisc Pheadair?
4. Cé a bhí ag imirt in aghaidh na Gaillimhe i bPáirc an Chrócaigh?
5. Céard a theastaigh óna chailín Cáit?

Canúint na Mumhan

Samhradh i mBoston

1. Cé a bhí beagáinín neirbhíseach?
2. Cén fáth a raibh Muiris beagáinín neirbhíseach?
3. Cé a bhí ag fanacht le Muiris ag an aerfort?
4. Céard a bhí in airde ag Seán Ó Máille?
5. Cén áit ar an bpáirc a mbeidh Muiris ag imirt?